CINNEADH (AE) 2022/1001 ÓN gCOMHAIRLE

an 21 Meitheamh 2022

lena gceaptar comhalta, arna mholadh ag Ríocht na hÍsiltíre, de Choiste na Réigiún

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 305 de,

Ag féachaint do Chinneadh (AE) 2019/852 ón gComhairle an 21 Bealtaine 2019 lena gcinntear comhdhéanamh Choiste na Réigiún ([1]),

Ag féachaint don togra ó Rialtas na hÍsiltíre,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 300(3) den Chonradh, tá Coiste na Réigiún le bheith comhdhéanta d'ionadaithe do chomhlachtaí réigiúnacha agus áitiúla agus sainordú toghchánach acu in údarás réigiúnach nó áitiúil nó atá freagrach go polaitiúil do thionól tofa.

(2) An 20 Nollaig 2021, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2021/2294 ([2]) lena gceaptar comhalta agus comhalta malartach, arna moladh ag Ríocht na hÍsiltíre, de Choiste na Réigiún.

(3) Tá suíochán comhalta ar Choiste na Réigiún tagtha chun bheith folamh tar éis do Henk STAGHOUWER éirí as oifig.

(4) Mhol Rialtas na hÍsiltíre Johan HAMSTER, ar ionadaí do chomhlacht réigiúnach é agus atá freagrach go polaitiúil do thionól tofa, *Lid van de Gedeputeerde Staten van de provincie Groningen ("Gedeputeerde")* (comhalta d'Fheidhmeannas Cúige Groningen (Aire Réigiúnach)), mar chomhalta de Choiste na Réigiún go dtí an 15 Márta 2023,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar Johan HAMSTER, ar ionadaí do chomhlacht réigiúnach é agus atá freagrach go polaitiúil do thionól tofa, *Lid van de Gedeputeerde Staten van de provincie Groningen ("Gedeputeerde")* (comhalta d'Fheidhmeannas Cúige Groningen (Aire Réigiúnach)), mar chomhalta de Choiste na Réigiún go dtí an 15 Márta 2023.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, 21 Meitheamh 2022.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
C. BEAUNE

([1]) IO L 139, 27.5.2019, lch. 13.
([2]) Cinneadh (AE) 2021/2294 ón gComhairle an 20 Nollaig 2021 lena gceaptar comhalta agus comhalta malartach, arna moladh ag Ríocht na hÍsiltíre, de Choiste na Réigiún (IO L 458, 22.12.2021, lch. 517).